— An tSraith Shóisearach —

NUATHEANGACHA IASACHTA

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

WorldWise Global Schools

Ag gabháil don Oideachas Saoránachta Domhanda

An Éagsúlacht
Inscne
Feasacht idirchultúrtha
Idirspleáchas
Eolas soch-chultúrtha
Steiréitíopaí

www.worldwiseschools.ie

MEONTA A ATHRÚ SCILEANNA A FHORBAIRT CUR LEIS AN EOLAS

CAD ATÁ I GCEIST LEIS AN OIDEACHAS SAORÁNACHTA DOMHANDA?

Is próiseas oideachasúil é an tOideachas Saoránachta Domhanda (OSD) lena bhféachtar le cur le feasacht agus tuiscint an phobail ar an domhan seo againne, domhan atá ag athrú go tréan agus atá idirspleách agus éagothrom. Tríd an OSD, déantar iarracht daoine a mhealladh chun páirt a ghlacadh mar shaoránaigh san anailís, sa mhachnamh agus sa ghníomhaíocht ina gceantair féin agus ar an leibhéal domhanda. Is éard atá i gceist leis an OSD ná tacú le daoine chun teacht ar thuiscint ar na struchtúir shóisialta, chultúrtha, pholaitiúla agus eacnamaíocha a bhaineann lena saol ar an leibhéal idirnáisiúnta, an leibhéal pearsanta, leibhéal an phobail, agus an leibhéal náisiúnta, agus dul i mbun gníomhaíochta chun na struchtúir sin a athrú ó bhonn.

Príomhghnéithe den Oideachas Saoránachta Domhanda:

- Modhanna atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir agus ar an rannpháirteachas
- Eolas faoin gcaoi a bhfeidhmíonn an domhan
- Scileanna maidir le smaointeoireacht chriticiúil, machnamh, réiteach fadhbanna, anailís, obair foirne
- Luachanna agus meonta na dlúthpháirtíochta, an mheasa agus an chumhachtaithe
- Athrú a spreagadh ionas go mbeidh an domhan níos córa agus níos cothroime

"Ní féidir leat teanga a mhúineadh gan breathnú uirthi i gcomhthéacs an tsaoil mhóir – tá an cultúr, na daoine, an tsochaí agus an timpeallacht ina mairimid fite fuaite go dlúth le chéile. Leis an acmhainn seo, beidh an té a mhúineann na Nuatheangacha Iasachta in ann ceachtanna teanga mealltacha cuimsitheacha a chruthú do scoláirí na sraithe sóisearaí."

Mary-Elaine Tynan, múinteoir Fraincise, Scoil Chuimsitheach Chnocán an Teampaill, agus Léachtóir le Nuatheangacha Iasachta, an Clár Máistir san Oideachas do Ghairmithe, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

AIDHM NA HACMHAINNE SEO

Is é is aidhm don acmhainn seo tacú le múinteoirí a bhíonn ag plé leis na Nuatheangacha Iasachta (NTI)* chun béim a chur ar ghné an cheartais dhomhanda sa teagasc (cur chuige a mbaineann buntáistí móra oideachasúla leis), rud a chomhlíonann na riachtanais atá leagtha amach sa tsonraíocht i gcomhair Nuatheangacha Iasachta sa tsraith shóisearach, agus sa Chreat don tSraith Shóisearach (2015). Tá sé seo ar cheann de shraith acmhainní de chuid Scoileanna Domhanda WorldWise a thacaíonn le múinteoirí i réimsí éagsúla ábhar agus iad ag tabhairt aghaidh ar théamaí agus coincheapa a bhaineann leis an Oideachas Saoránachta Domhanda. Leis an tsraith acmhainní Ag gabháil don OSD, cuirtear ar a gcumas do mhúinteoirí iarraidh ar na scoláirí breathnú ar an domhan seo againne, agus ar an méid is féidir linn féin a dhéanamh ionas go mbeidh sé níos córa, níos cothroime agus níos inbhuanaithe.

AN TOIDEACHAS SAORÁNACHTA DOMHANDA (OSD) AGUS NUATHEANGACHA IASACHTA (NTI) NA SRAITHE SÓISEARAÍ

Aithnítear sa réasúnaíocht le haghaidh NTI na sraithe sóisearaí go gcuidíonn an staidéar ar theangacha iasachta leis an gcumas atá ag na scoláirí páirt a ghlacadh 'i sochaí dhomhanda'. Luaitear inti gur gné bhunúsach de theangacha is ea 'go dtugtar deis don scoláire teacht ar shaolta nua agus ar bhealaí difriúla smaointeoireachta leo'. Ach a bheith ag plé le teangacha, forbraítear 'eolas soch-chultúrtha agus feasacht idirchultúrtha' i measc na scoláirí agus is mó an tuiscint a bhíonn acu ar an éagsúlacht (CNCM, Sonraíocht i gcomhair Nuatheangacha Iasachta na sraithe sóisearaí, leathanach 4). Tá sé ina aidhm lárnach ag an Oideachas Saoránachta Domhanda agus ag NTI na sraithe sóisearaí araon scoláirí a spreagadh chun meas a bheith acu ar a gcultúir féin agus ar chultúir eile (CNCM, Sonraíocht i gcomhair Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí, leathanach 6).

RÁITIS FOGHLAMA:
Cuidíonn an OSD le baint amach na sé Ráiteas Foghlama a luaitear sa tsonraíocht i gcomhair NTI na sraithe sóisearaí, ach is leis na ráitis seo a leanas is mó a bhaineann sé:

Ráiteas Foghlama 6:
Tuigeann an scoláire mar a chuireann luachanna, creidiúintí agus traidisiúin éagsúla leis na pobail agus leis an gcultúr ina maireann sé/sí agus tá meas aige/aici orthu.

Ráiteas Foghlama 16:
Déanann an scoláire cur síos ar phatrúin agus ar choibhneasa agus déanann sé/sí iad a léiriú, a léirmhíniú, a thuar agus a mhíniú.

Ráiteas Foghlama 24:
Úsáideann an scoláire an teicneolaíocht agus uirlisí na meán digiteach chun foghlaim, chun cumarsáid a dhéanamh, chun obair agus chun smaoineamh go comhoibríoch agus go cruthaitheach ar bhealach freagrach agus eiticiúil.

Ní rud breise atá á chur le curaclam na Nuatheangacha Iasachta is ea an tOideachas Saoránachta Domhanda.

KEY SKILLS

Is mór an chosúlacht atá idir na 8 bPríomhscil atá leagtha amach sa Chreat don tSraith Shóisearach (2015) agus na scileanna a chothaítear le cur chuige an OSD. Dá bhrí sin, cuidíonn an OSD le forbairt na scileanna lárnacha a bhfuil cur síos orthu sa tsonraíocht i gcomhair Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí.

*Múinteoirí Fraincise, Gearmáinise, Iodáilise agus Spáinnise

Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí

- Éisteacht agus mé féin a chur in iúl
- Taibhiú agus cur i láthair
- Plé agus díospóireacht
- Teanga a úsáid
- Uimhreacha a úsáid
- Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh

- Mo thuiscint ar fhocail agus ar theanga agus an taitneamh a bhainim astu a fhorbairt
- Léamh ar son aoibhnis agus le tuiscint chriticiúil
- Scríobh i gcomhair cuspóirí difriúla
- Smaointe a chur in iúl go soiléir agus le cruinneas
- Mo theanga labhartha a fhorbairt
- Téacsanna éagsúla a fhiosrú agus a chruthú, lena n-áirítear téacsanna ilmhódacha

- Aithne orm féin
- Cinntí ciallmhara a dhéanamh
- Spriocanna pearsanta a shocrú agus a bhaint amach
- A bheith in ann athmhachnamh a dhéanamh ar mo chuid foghlama féin
- Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun mé féin agus mo chuid foghlama a bhainistiú



- A bheith folláin, fisiciúil agus gníomhach
- A bheith sóisialta
- A bheith slán
- A bheith spioradálta
- A bheith muiníneach
- A bheith dearfach faoin bhfoghlaim
- A bheith freagrach, slán agus eiticiúil nuair atá teicneolaíocht dhigiteach in úsáid

- An dea-chaidreamh a fhorbairt agus plé le coimhlint
- Ag comhoibriú
- Meas a bheith agam
- Ag cuidiú le háit níos fearr a dhéanamh den domhan
- Foghlaim le daoine eile
- Obair le daoine eile trí theicneolaíocht dhigiteach

- A bheith fiosrach
- Eolas agus sonraí a bhailiú, a eagrú agus a mheas
- Smaoineamh go cruthaitheach agus go criticiúil
- Athmhachnamh agus meastóireacht ar mo chuid foghlama
- Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun ábhar a rochtain, a bhainistiú agus a chomhroinnt

- Ag samhlú
- Roghanna a fhiosrú
- Smaointe a chur i bhfeidhm agus gníomhú
- Ag foghlaim go cruthaitheach
- An chruthaitheacht a spreagadh ag baint úsáide as teicneolaíocht dhigiteach

- Smaointe a chur in iúl go matamaiticiúil
- Meastachán, tuar agus ríomh a dhéanamh
- Meon dearfach a fhorbairt i leith iniúchta, réasúnaíochta agus réiteach fadhbanna
- Patrúin, treochtaí agus coibhneasa a fheiceáil
- Sonraí a bhailiú, a léirmhíniú agus a léiriú
- Teicneolaíocht dhigiteach a úsáid chun scileanna agus tuiscint uimhearthachta a fhorbairt

OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

www.juniorcycle.ie

Fíor 1: Ocht bpríomhscil don tsraith shóisearach agus gnéithe príomhscile a ghabhann leo

Torthaí Foghlama agus Measúnú

San acmhainn seo, tugtar tacaíocht do mhúinteoirí ionas gur féidir leo deiseanna a thapú chun saibhreas eispéireas foghlama agus torthaí ar leibhéil éagsúla a chothú do na scoláirí, tacú le tascanna a bhaineann le measúnú suimitheach agus measúnú leanúnach, idir fhéinmheasúnú agus phiarmheasúnú, agus aiseolas a thabhairt d'fhoghlaimeoirí aonair.



Fíor 2: An gaol atá idir na trí shnáithe NTI

Chun a thaispeáint conas is féidir leis an OSD a bheith ina chuid de NTI na sraithe sóisearaí, úsáidtear trí cinn de thorthaí foghlama ó Shnáithe a Trí (Eolas soch-chultúrtha agus feasacht idirchultúrtha) mar thús aistir san acmhainn seo: **Torthaí Foghlama 3.1, 3.2** agus **3.5**. É sin ráite, na gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama a luaitear i leith na dtorthaí foghlama sin, tacaíonn siad freisin le gnóthachtáil an scoláire ó thaobh torthaí foghlama breise i Snáithe a hAon (Cumas cumarsáide), i Snáithe a Dó (Feasacht teanga) agus i bhformhór na dtorthaí foghlama eile i Snáithe a Trí, mar seo a leanas:



Fíor 3: Torthaí foghlama a dtacaítear leo san acmhainn seo

Cur chuig an OSD i Nuatheangacha Iasachta na sraithe sóisearaí, is maith mar a oireann sé do na Measúnuithe Rangbhunaithe. Mar shampla, i gcomhair MRB a dhéanfadh duine aonair, beirt nó grúpa ón dara bliain maidir le **Cumarsáid ó Bhéal**, d'fhéadfá tacú leis na scoláirí chun a leibhéal líofachta, a leibhéal cruinnis agus a stór focal a léiriú trí cheann de na formáidí seo a leanas:

- Agallamh a chur ar dhuine a bhfuil an sprioctheanga aige nó aici ó dhúchas, faoi eispéiris dhifriúla an tsaoil laethúil do dhaoine fásta agus do pháistí ina thír nó a tír dhúchais. Rogha eile is ea ionsamhlú agallaimh.
- Beochan a chruthú ina mbeidh tráchtaireacht, íomhánna agus téacs cuí faoi ábhar spéise a bhaineann leis an bhforbairt inbhuanaithe, agus a bhfuil baint aici le gné éigin den sprioctheanga nó dá cultúr, agus athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeochan níos déanaí.
- Cur i láthair (a mbeidh seisiún ceisteanna agus freagraí ag gabháil leis) faoi ghné den sprioctheanga nó dá cultúr a bhaineann le ceann amháin nó níos mó de na Spriocanna Domhanda don Fhorbairt Inbhuanaithe (féach leathanaigh 7–8).

- Comhrá sa sprioctheanga, mar fhreagra ar ábhar spreagtha faoin gcaoi a mbíonn na daoine agus an pláinéad ag brath ar a chéile (alt nó saothar ealaíne, mar shampla).

NB: Beag beann ar an bhformáid agus ar an topaic, ní mór an MRB maidir le Cumarsáid ó Bhéal a bheith dírithe ar ghné éigin den teanga nó den chultúr, nó ar ionsamhlú d'eispéireas i sprioctheanga, nó ar ábhar spéise nó spreagadh éigin.

Ach díriú go sainráite ar an OSD, is féidir leis na scoláirí obair fhiúntach a dhéanamh ar a gcuid punann teanga aonair, a ndéantar forbairt orthu i rith thréimhse trí bliana na sraithe sóisearaí. Is cur chuige an-úsáideach é an OSD duit chun cabhrú leis na scoláirí agus iad ag cur leis an eolas socheacnamaíoch agus leis an bhfeasacht idirchultúrtha atá acu, agus ag coinneáil tuairisc ar an dul chun cinn atá á dhéanamh acu sna réimsí sin (mar shampla, chun fianaise a thabhairt ar an bhfoghlaim atá á déanamh i Snáithe a Trí).

I gcomhair tuilleadh eolais, féach ar an roinn faoi Mheasúnú agus Tuairisciú sa tSonraíocht i gcomhair NTI na Sraithe Sóisearaí agus ar na Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe i gcomhair NTI na Sraithe Sóisearaí: *curriculumonline.ie*

LEAGAN AMACH NA HACMHAINNE

Sna leathanaigh seo a leanas, cuirtear i láthair na torthaí foghlama a aithnítear i bhFíor 3 (leathanach 6), mar aon le heolas cúlra ábhartha agus smaointe i gcomhair gníomhaíochtaí sa seomra ranga agus lasmuigh de. Cé go gcuirtear sraith gníomhaíochtaí ar leithligh i láthair le gach toradh foghlama, is féidir na gníomhaíochtaí go léir san acmhainn seo a dhéanamh ceann i ndiaidh a chéile mar aonad teagaisc agus foghlama ann féin. Mar sin, ní in ord ama a chuirtear i láthair na torthaí foghlama. Is sa dara háit atá an roinn atá bunaithe ar Thoradh Foghlama 3.5, mar go dtabharfadh an dea-chleachtas san Oideachas Saoránachta Domhanda le fios nach mór aghaidh a thabhairt go luath ar cheisteanna a bhaineann le steiréitíopáil agus idirdhealú ionas nach dtiocfadh cás i gceist ina bhféadfaí coinneáil leis an smaointeoireacht steiréitíopach nó í a threisiú. Toisc gaol a bheith idir na trí shnáithe sa tsonraíocht i gcomhair na Nuatheangacha Iasachta, is maith mar an oireann an cur chuige neamhlíneach sin

Toradh foghlama mar bhunús don OSD	Leathanach
Toradh Foghlama 3.1	9
Toradh Foghlama 3.5	13
Toradh Foghlama 3.2	19

Tá ceannteideal **Ag smaoineamh ar Spriocanna Domhanda** i ngach roinn, ina ndéantar tagairt do cheann amháin nó níos mó de Spriocanna Domhanda na Náisiún Aontaithe maidir le Forbairt Inbhuanaithe. Is sraith uilíoch spriocanna, cuspóirí agus táscairí iad sin, a bhfuiltear ag súil go mbainfidh ballstáit na Náisiún Aontaithe, Éire san áireamh, leas astu mar chreat dá gcláir oibre agus dá mbeartais go dtí 2030. Tagann na Spriocanna Domhanda sna sála ar Spriocanna Forbartha na Mílaoise, a chuaigh in éag ag deireadh na bliana 2015, agus déanann siad leathnú orthu. Sa ról atá agaibhse mar mhúinteoirí NTI, bainfidh sibh an-tairbhe as na Spriocanna Domhanda ó thaobh féachaint chuige go 'spreagann eispéireas [...] an teagaisc agus na foghlama an rannpháirtíocht, gineann sé caidreamh agus díograis, agus ceanglaíonn sé leis an saol lasmuigh den scoil' (ROS, 2015. Creat don tSraith Shóisearach, leathanach 13).

SPRIOCANNA DOMHANDA NA NÁISIÚN AONTAITHE

SNÁITHE A TRÍ: EOLAS SOCH-CHULTÚRTHA AGUS FEASACHT IDIRCHULTÚRTHA

GNÉ DEN SNÁITHE: AG FOGHLAIM FAOI FHÍRICÍ ÁBHARTHA, FAOI DHAOINE AGUS ÁITEANNA ÁBHARTHA, AGUS FAOI STAIR THÍRE NÓ TÍORTHA INA LABHRAÍTEAR AN SPRIOCTHEANGA

Príomhthoradh Foghlama 3.1

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire: 'roinnt gnéithe de thír/thíortha na sprioctheanga, amhail gnéithe geografacha, an aimsir, áiteanna agus sainchomharthaí agus bia, a ainmniú agus cur síos a dhéanamh orthu'.

Eolas Cúlra:

AN FHRAINCIS

De réir staidéar a rinne an tOllamh Ulrich Ammon in Ollscoil Düsseldorf thar thréimhse 15 bliana, tá an Fhraincis san 11ú áit ar liosta na dteangacha a labhraíonn cainteoirí dúchais ar fud an domhain. Is iad an tSínis, an Hiondúis, an Urdúis, an Béarla, an Araibis, an Spáinnis, an Rúisis, an Bheangáilis, an Phortaingéilis, an Ghearmáinis agus an tSeapáinis atá chun tosaigh uirthi sa liosta sin. Labhraítear an Fhraincis i mbreis agus 51 tír ar fud an domhain agus is í an teanga dhúchais atá ag thart ar 118,000,000 duine. I ndaonáireamh na hÉireann, 2016 fuarthas amach go labhraíonn 54,948 nduine Fraincis sa bhaile mar theanga dhúchais. In 2017, thug 46 faoin gcéad de na scoláirí Ardteistiméireachta faoin scrúdú Fraincise. Is teanga oifigiúil í an Fhraincis in 29 dtír cheannasacha, mar seo a leanas: an Bheilg, Beinin, Buircíne Fasó, an Bhurúin, Camarún, Ceanada, Poblacht na hAfraice Láir, Sead, Oileáin Chomóra, an Cósta Eabhair, Poblacht Dhaonlathach an Chongó, Djibouti, an Ghuine Mheánchiorclach, an Fhrainc, an Ghabúin, an Ghuine, Háití, Lucsamburg, Madagascar, Mailí, Monacó, an Nígir, Poblacht an Chongó, Ruanda, an tSeineagáil, na Séiséil, an Eilvéis, Tóga agus Vanuatú. Tá ceannasacht ag an bhFrainc féin ar réigiúin, collectivités agus críocha lasmuigh de mhórthír na hEorpa ina bhfuil an Fhraincis ina teanga oifigiúil freisin. Ina measc siúd tá siad seo a leanas: Guadalúip, Martinique, Saint-Martin, Saint-Barthélemy, Saint Pierre-et-Miquelon (san Aigéan Atlantach), La Réunion, Mayotte, Críocha an Deiscirt agus an Antartaigh de chuid na Fraince (san Aigéan Indiach), Polainéis na Fraince, an Nua-Chaladóin, Vailis agus Futúna (san Aigéan Ciúin). Is teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh í an Fhraincis, agus is teanga oifigiúil í freisin de chuid eagraíochtaí idirnáisiúnta ar nós na Náisiún Aontaithe (NA), Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (NATO) agus Chumann Idirnáisiúnta na Croise Deirge.

AN GHEARMÁINIS

De réir staidéar a rinne an tOllamh Ulrich Ammon in Ollscoil Düsseldorf thar thréimhse 15 bliana, tá an Ghearmáinis sa 9ú háit ar liosta na dteangacha a labhraíonn cainteoirí dúchais ar fud an domhain. Is iad an tSínis, an Hiondúis agus an Urdúis, an Béarla, an Araibis, an Spáinnis, an Rúisis, an Bheangáilis agus an Phortaingéilis atá chun tosaigh uirthi sa liosta sin. Is í an Ghearmáinis an teanga dhúchais a labhraíonn thart ar 132,000,000 duine ar fud an domhain, agus cónaí orthu i gcian is i gcóngar in áiteanna mar an Airgintín, an Astráil, an Bhrasaíl, an tSile, an Cholóim, Cósta Ríce, an Danmhairg, an Ungáir, an Íoslainn, Iosrael, Paragua, an Pholainn, an Namaib, an Rómáin, an Afraic Theas agus Stáit Aontaithe Mheiriceá. I ndaonáireamh na hÉireann, 2016 fuarthas amach go labhraíonn 28,331 duine Gearmáinis sa bhaile mar theanga dhúchais. In 2017, thug 14 faoin gcéad de na scoláirí Ardteistiméireachta faoin scrúdú Gearmáinise. Is teanga oifigiúil í an Ghearmáinis i 6 thír cheannasacha: an Ostair, an Bheilg, an Ghearmáin, Lichtinstéin, Lucsamburg agus an Eilvéis.

AN IODÁILIS

De réir staidéar a rinne an tOllamh Ulrich Ammon in Ollscoil Düsseldorf thar thréimhse 15 bliana, tá an Iodáilis sa 12ú háit ar liosta na dteangacha a labhraíonn cainteoirí dúchais ar fud an domhain. Is iad an tSínis, an Hiondúis agus an Urdúis, an Béarla, an Araibis, an Spáinnis, an Rúisis, an Bheangáilis, an Phortaingéilis, an Ghearmáinis, an tSeapáinis agus an Fhraincis atá chun tosaigh uirthi sa liosta sin. Is í an Iodáilis an teanga dhúchais a labhraíonn 67 milliún duine ar fud an domhain, agus cónaí orthu i gcian is i gcóngar in áiteanna mar an Albáin, an Airgintín, an Astráil, an Bheilg, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Bhrasaíl, Ceanada, an Chróit, an Éigipt, an Eiritré, an Fhrainc, an Ghearmáin, Iosrael, an Iodáil, an Libia, Lichtinstéin, Lucsamburg, Paragua, na hOileáin Fhilipíneacha, an Rómáin, an Araib Shádach, an tSlóivéin, an tSomáil, an Eilvéis, an Túinéis, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, an Ríocht Aontaithe, na Stáit Aontaithe agus Uragua. I ndaonáireamh na hÉireann, 2011 fuarthas amach go labhraíonn 3,624 dhuine Iodáilis sa bhaile mar theanga dhúchais. In 2016, thug 512 scoláire Ardteistiméireachta faoin scrúdú Iodáilise. Is teanga oifigiúil í an Iodáilis i 4 thír cheannasacha: an Iodáil, San Mairíne, an tSlóivéin (i réigiúin ina bhfuil cónaí ar náisiúnaigh de chuid na hIodáile) agus an Eilvéis.

AN SPÁINNIS

De réir staidéar a rinne an tOllamh Ulrich Ammon in Ollscoil Düsseldorf thar thréimhse 15 bliana, tá an Spáinnis sa 5ú háit ar liosta na dteangacha a labhraíonn cainteoirí dúchais ar fud an domhain. Is iad an tSínis, an Hiondúis agus an Urdúis, an Béarla agus an Araibis atá chun tosaigh uirthi sa liosta sin. Is í an Spáinnis an teanga dhúchais a labhraíonn 389 milliún duine ar fud an domhain, agus cónaí orthu i gcian is i gcóngar in áiteanna mar Arúba, an Bheilís, Oileáin Cayman, Curaçao, Oileáin Fháclainne, Giobráltar, Oileán na Tríonóide agus Tobága agus Oileáin na Maighdean. I ndaonáireamh na hÉireann, 2016 fuarthas amach go labhraíonn 32,405 dhuine Spáinnis sa bhaile mar theanga dhúchais. In 2017, thug 13 faoin gcéad de na scoláirí Ardteistiméireachta faoin scrúdú Spáinnise. Is teanga oifigiúil í an Spáinnis in 20 tír cheannasach, mar seo a leanas: an Airgintín, an Bholaiv, an Cholóim, Cósta Ríce, Cúba, an Phoblacht Dhoiminiceach, Eacuadór, an tSalvadóir, an Ghuine Mheánchiorclach, Guatamala, Hondúras, Meicsiceo, Nicearagua, Panama, Paragua, Peiriú, Portó Ríce (críoch na Stát Aontaithe), an Spáinn, Uragua agus Veiniséala.

Ag smaoineamh ar Spriocanna Domhanda

Tá sé i gceist againn, faoin mbliain 2030...

- A chinntiú go mbeidh fáil ar oideachas cuimsitheach cothrom ar ardchaighdeán, agus deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil do chách a chur chun cinn (Sprioc 4)

"Iadsan nach bhfuil cur amach ar bith acu ar theangacha iasachta, níl eolas ar bith acu ar a dteanga féin."

Johann Wolfgang von Goethe, agus státaire Gearmánach

"Le teanga dhifriúil, gabhann fís dhifriúil den saol."

Federico Fellini, Iodálach, stiúrthóir scannán agus scríbhneoir scripte

Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama:

Tíortha na sprioctheanga a aimsiú
Marcáil ar léarscáil den domhan na tíortha ina labhraítear do sprioctheanga mar theanga dhúchais. Marcáil na tíortha ina bhfuil an sprioctheanga atá roghnaithe agat ina teanga oifigiúil, agus úsáid dath difriúil chun na tíortha ina labhraítear an sprioctheanga sin go forleathan a mharcáil freisin.

Tábla na nIlchríoch
Ullmhaigh dhá thábla, ina bhfuil 8 gcolún. Tabhair 'Teanga Oifigiúil' mar theideal ar Thábla A agus 'Teanga a labhraítear go forleathan' mar theideal ar Thábla B. Sa dá thábla, cuir na teidil seo a leanas ar na 8 gcolún: (1) Ainm na Tíre, (2) An Afraic, (3) Antartaice, (4) An Áise, (5) An Astráil/An Aigéine, (6) An Eoraip, (7) Meiriceá Thuaidh, agus (8) Meiriceá Theas. Déan liosta de na tíortha ina bhfuil do sprioctheanga ina teanga oifigiúil sa chéad cholún i dTábla A. Déan liosta de na tíortha ina labhraítear do sprioctheanga go forleathan sa chéad cholún i dTábla B. Cuir tic sa cholún faoin Ilchríoch cheart i ngach cás.

Comhad Fíricí Tíre **(Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 3.2, 3.6 agus 3.10)**
Téigí ag obair ina ngrúpaí beaga chun tír a roghnú ó Thábla A ('Teanga Oifigiúil') nó ó Thábla B ('Teanga a labhraítear go forleathan'). Ullmhaigí comhad fíricí tíre i leith na tíre atá roghnaithe agibh.

Ba chóir daoibh eolas faoin tír a bhreacadh síos faoi ocht gcinn nó níos mó de na ceannteidil seo a leanas:
1. Ainm na tíre sa chéad teanga
2. Ainm na tíre sa sprioctheanga
3. Léarscáil den ilchríoch ina dtaispeántar cá bhfuil an tír atá roghnaithe agaibh (íomhá nó líníocht)
4. Bratach na tíre (íomhá nó líníocht)
5. Figiúirí maidir le daonra na tíre
6. Teanga oifigiúil nó teangacha oifigiúla
7. Na príomh-onnmhairí (earraí agus seirbhísí a dhíoltar le tíortha eile) agus na príomh-allmhairí (earraí agus seirbhísí a thugtar isteach sa tír)
8. Gnéithe suntasacha den tírdhreach (gnéithe de dhéantús an duine nó gnéithe nádúrtha)
9. An aeráid agus an aimsir i rith na bliana
10. Bia agus deochanna traidisiúnta na tíre
11. Príomhfhéilte cultúrtha nó reiligiúnacha
12. Daoine cáiliúla ón tír atá roghnaithe agaibh (údair, gníomhaithe, ealaíontóirí, ceoltóirí, polaiteoirí, lucht spóirt, eolaithe)
13. Aireagáin a rinne daoine ón tír atá roghnaithe agibh
14. Eachtra mhór nó eachtraí móra i stair na tíre
15. Cúiseanna arb í an teanga sin an teanga oifigiúil nó a mbíonn sí á labhairt go forleathan sa tír atá roghnaithe agat

Nóta do Mhúinteoirí: Mar straitéis difreála, d'fhéadfá iarraidh ar na scoláirí eolas breise a aimsiú dá gcomhad fíricí tíre, mar shampla: Pictiúir de dhuine cáiliúil nó d'áit cháiliúil sa tír, saothar ealaíne nó earra a bhfuil tábhacht chultúrtha leis sa tír atá roghnaithe ag an scoláire nó Frásaí/focail nó nathanna cainte sa sprioctheanga a bhaineann go háirithe leis an tír sin.

Cuirigí bhur gcomhad fíricí tíre féin i láthair an ranga. Tógaigí grianghraif de na cuir i láthair go léir nó déanaigí fístaifeadadh orthu. Cuirigí le chéile cur i láthair Prezi nó PowerPoint bunaithe ar na grianghraif nó ar an bhfíseán. Déanaigí an cur i láthair Prezi nó PowerPoint a uaslódáil chuig suíomh gréasáin na scoile agus/nó cuirigí comhaid fíricí na dtíortha éagsúla ar taispeáint sa scoil nó sa leabharlann áitiúil.

Tráth na gCeist faoi Thír **(Bainteach freisin le Toradh Foghlama 1.22)**
Ceap trí cheist ar a laghad faoin tír atá roghnaithe agat ina labhraítear an spriocthéanga. Is i gcomhair thráth na gceist a bheidh siad. Bíodh na ceisteanna bunaithe ar an eolas atá bailithe agat i gcomhair an chomhaid fíricí. Bíodh ceist amháin ar a laghad sa spriocthéanga, agus déan cinnte de nach mór freagra sa spriocthéanga a thabhairt ar cheist amháin eile (mar shampla, d'fhéadfá ceist a chumadh a bhfuil freagraí ilroghnacha sa spriocthéanga ag gabháil léi). Iarr ar do mhúinteoir tráth na gceist duine le duine nó tráth na gceist boird ar líne a eagrú (féach an nasc thíos) a bheidh bunaithe ar na ceisteanna atá ullmhaithe ag an rang.

Pleanáil turas **(Bainteach freisin le Toradh Foghlama 3.10)**
Bain úsáid as treoirleabhair thaistil agus suímh ghréasáin oifigiúla turasóireachta chun plean a ullmhú i gcomhair turas dhá sheachtain go dtí tír ina labhraítear an spriocthéanga atá roghnaithe agat.
Bíodh an oiread gníomhaíochtaí turasóireachta inbhuanaithe is féidir san áireamh i do phlean, agus smaoinigh ar an dúshlán nó an tairbhe a d'fhéadfadh a bheith i gceist de bharr patrúin shéasúracha aimsire.
Taispeáin an bealach atá beartaithe agat ar léarscáil na tíre agus ullmhaigh sceideal achomair de na gníomhaíochtaí laethúla atá i gceist agat a dhéanamh, agus córas féilire na tíre sin á úsáid agat.

NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ:
Dar le UNESCO, tá an-bhorradh faoi thionscal na turasóireachta ar domhan agus is foinse mhór ioncaim í do go leor tíortha. Mar sin féin, bíonn fadhbanna ag baint leis an turasóireacht uaireanta, ar nós daoine a bheith á gcur as áit sa tsochaí, gnéithe den oidhreacht chultúrtha a bheith á gcailleadh, spleáchas eacnamaíoch agus díghrádú éiceolaíoch. Is é atá sa turasóireacht inbhuanaithe (ar a dtugtar turasóireacht atá bunaithe ar an dúlra, éiceathurasóireacht agus turasóireacht chultúrtha freisin) ná turasóireacht lena léirítear meas ar mhuintir na háite agus ar an taistealaí araon, agus ar an oidhreacht chultúrtha agus an comhshaol. Féachtar léi chun saoire oideachasúil spreagúil a bheith ar fáil do dhaoine, ach ar bhealach a théann chun tairbhe na ndaoine agus an chomhshaoil sa tír aíochta freisin

Faraor nach bhfuil tú i mo chuideachta!
(Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 1.18, 1.20, 3.4 agus 3.10)
Samhlaigh gur thug tú cuairt ar an tír atá roghnaithe agat ina labhraítear an spriocthéanga.
Scríobh cárta poist abhaile chuig duine muinteartha nó cara leat, sa spriocthéanga. Inis trí rud dóibh faoin méid den chuairt atá curtha díot agat go dtí seo. D'fhéadfá áit ar thug tú cuairt uirthi a lua, nó rud éigin is díol spéise ó thaobh na héiceathurasóireachta, nó an bia a d'ith tú, an aimsir a bhí ann, daoine a casadh ort, an áit a bhfuil tú ag cur fút, nósanna a thug tú faoi deara agus an praghas a ghearrtar ar earra éigin. Bain úsáid as dhá aimsir ar a laghad i do spriocthéanga (mar shampla, an aimsir chaite, an aimsir láithreach, an aimsir fháistineach).
Tarraing pictiúir oiriúnach lena chur ar an gcárta poist, nó aimsigh ceann in áit éigin. Babhtáil do chárta poist le cárta poist a rinne scoláire eile sa rang chun piarmheasúnú a dhéanamh orthu: 3 réalta (gnéithe den obair a bhfuil slacht orthu) agus 1 mhian amháin (bealach a bhféadfaí an cárta poist a fheabhsú). Breathnaigh siar ar do chárta poist agus aird agat ar an aiseolas a fuair tú.

#Smaointe clabhsúir **(Bainteach freisin le Toradh Foghlama 1.17 agus Toradh Foghlama 3.3)**
Smaoinigh ar fhocal nó frása (#haischlib) i do spriocthéanga chun achoimre a dhéanamh ar an méid atá foghlamtha agat faoin tír nó na tíortha ina labhraítear an spriocthéanga.

Naisc Úsáideacha:

Tráth na gCeist faoi Thír

- Socrative – is féidir le múinteoirí an suíomh seo a úsáid chun tráth na gceist simplí a ullmhú ar féidir le scoláirí tabhairt faoi ar ríomhaire glúine, táibléad nó fón cliste: **socrative.com**

"Má labhraíonn tú le fear i dteanga a thuigeann sé, rachaidh sé sin i bhfeidhm ar a intinn. Más ina theanga féin a labhraíonn tú leis, rachaidh sé i bhfeidhm ar a chroí."

Nelson Mandela, polaiteoir ón Afraic Theas ar bronnadh Duais Nobel na Síochána air

SNÁITHE A TRÍ: EOLAS SOCH-CHULTÚRTHA AGUS FEASACHT IDIRCHULTÚRTHA

GNÉ DEN SNÁITHE: FOGHLAIM FAOI THRAIDISIÚIN, NÓSANNA AGUS SAGHSANNA IOMPAIR

Príomhthoradh Foghlama 3.5

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire: 'steiréitíopaí coitianta faoin sprioc-chultúr/faoi na sprioc-chultúir, a chuid féin san áireamh, a shainaithint agus machnamh a dhéanamh orthu, agus a mhíniú an bhfuil a dhearcadh i leith na sprioctháire/na sprioctháirtha ag forbairt nó nach bhfuil agus, má tá, conas atá an dearcadh sin ag forbairt'.

NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ:
In 2018, bhí 70 bliain imithe tharainn ó síníodh Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine. D'fhéadfá cuidiú leis na scoláirí taifead a dhéanamh orthu féin ag léamh ceann den 30 alt atá sa Dearbhú sin ina sprioctheanga. Féach ar un.org/en/udhr-video/ le haghaidh tuilleadh sonraí.

Eolas Cúlra:

Sa chéad alt den Dearbhú Uilechoiteann um Chearta an Duine, deirtear an méid seo:
Tagann gach duine ar an saol seo agus é nó í saor, agus is iad an dínit agus na cearta céanna a bhíonn ag gach duine. Bíonn ciall agus coinsias acu agus ba cheart dóibh caitheamh lena chéile le meon an mhuintearais.

Ciallaíonn sé sin go bhfuil an fhreagracht orainn go léir aitheantas a thabhairt do na cosúlachtaí agus na difríochtaí a bhíonn ann i measc daoine aonair agus grúpaí, agus meas a bheith againn ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí sin. Ciallaíonn sé freisin gurb í an fhreagracht chéanna atá ar dhaoine eile agus iad ag déileáil linn féin.

Nuair a dhéanaimid iarracht meabhair a bhaint as an domhan, is minic linn dul thar fóir leis an simpliú agus leis an nginearálú. Is féidir sainmhíniú a thabhairt ar 'steiréitíopáil' mar seo a leanas: tuairimí ginearálta, atá ró-shimplithe, a chur in iúl faoi dhaoine aonair nó faoi ghrúpa. Is minic a bhíonn steiréitíopaí bunaithe ar thuairimí a nglacann daoine leo gan iad a cheistiú, nó ar eolas nach bhfuil cruinn. Is féidir le steiréitíopaí a bheith dearfach nó diúltach. Nuair a dhéantar steiréitíopáil ar dhaoine, is féidir leis tarlú nach samhlaítear gur daoine iontu féin iad lasmuigh den steiréitíopa sin, agus d'fhéadfadh sé nach dtabharfaí aird ar bith ar ghnéithe eile dá bhféiniúlacht. Seo a leanas roinnt samplaí de steiréitíopaí:

- Bíonn neart fuinnimh agus samhlaíochta ag gach duine óg
- Bíonn fir óga ar nós cuma liom faoin tsábháilteacht agus iad ag tiomáint
- Bíonn gach duine aosta uaigneach
- Is dual do na mná aire a thabhairt do dhaoine
- Tá an-chumas ag muintir na hÁise i dtaobh na matamaitice
- Bíonn scil ag fir aeracha i gcúrsaí faisin

Is minic nach rud comhfhiosach í an steiréitíopáil (is gan smaoineamh orainn féin a dhéanaimid í), agus bíonn sí bunaithe ar na rudaí a nglacann daoine leis atá ar eolas acu faoi dhaoine eile. D'fhéadfadh na rudaí sin a bheith bunaithe ar ghnéithe is furasta a fheiceáil i nduine, dath craicinn nó aois, mar shampla. Ach uaireanta bíonn siad níos caolchúisí, mar shampla, fad nó dath na gruaige, an scoil ag a dtéann daoine, nó an seoladh atá acu.

Foghlaimímid steiréitíopaí trí eispéiris phearsanta, trínár dteaghlaigh agus ár gcairde, trí mhúinteoirí, fostóirí agus comhghleacaithe oibre. Is féidir steiréitíopaí a bheith le feiceáil freisin i bhfógraí, i saothair ealaíne, i scannáin, sa litríocht, sna meáin, sa pholaitíocht agus i dtéacsleabhair scoile.

Is féidir le gach steiréitíopa dul i bhfeidhm ar ár gcinntí agus ar ár ngníomhartha. Uaireanta bíonn idirdhealú ina thoradh ar an steiréitíopáil: ní chaitear chomh maith céanna le duine ó ghrúpa amháin is a chaitear le duine ó ghrúpa eile.

In Éirinn, tá sé in aghaidh an dlí idirdhealú a dhéanamh ar naoi mbonn: inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine agus a bheith i do dhuine den Lucht Siúil (na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2011 agus na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2011).

Foinsí: Mary Gannon (2002). Changing Perspectives: Cultural values, diversity and equality in Ireland and the wider world. Coiste Gairmoideachais Chathair BÁC, Baile Átha Cliath; Karen O'Shea (2011). Spotlight on stereotyping. An tÚdarás Comhionannais agus an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí, Baile Átha Cliath; agus, Lesley Emerson et al (2012). Tackling controversial issues in the citizenship classroom. Bord Oideachais agus Oiliúna Chathair BÁC, Baile Átha Cliath.

NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ:
Le haghaidh modheolaíochtaí oideachasúla atá in úsáid le tamall maidir leis an steiréitíopáil agus ceisteanna conspóideacha eile a phlé agus déileáil leo, féadfar na pacáistí acmhainní saor in aisce seo a íoslódáil ó **developmenteducation.ie**

Ag smaoineamh ar Spriocanna Domhanda:

Tá sé i gceist againn, faoin mbliain 2030...

- A chinntiú go mbeidh fáil ar oideachas cuimsitheach cothrom ar ardchaighdeán, agus deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil do chách a chur chun cinn (Sprioc 4)
- Comhionannas inscne a bhaint amach agus cumhacht a thabhairt do gach bean agus gach cailín (Sprioc 5)
- An neamhionannas a laghdú laistigh de thíortha agus i measc tíortha (Sprioc 10)
- Sochaithe inbhuanaithe, síochánta a chur chun cinn ina gcuirtear gach duine san áireamh, rochtain ar cheartas a bheith ag cách agus institiúidí atá éifeachtach, cuntasach, agus cuimsitheach a chothú ar gach leibhéal (Sprioc 16)

Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama:

An chéadteagmháil (Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 1.12 agus 3.6)
Roghnaigh tír ar il-chríoch na hAfraice, san Áise nó i Meiriceá Laidineach áit arb í do sprioctheanga an teanga oifigiúil nó a labhraítear go forleathan í. Samhlaigh go bhfuil tú ag caint le duine óg ón tír sin. Cad é a déarfá leis nó léi faoi Éirinn agus cad a déarfadh sé nó sí leat féin faoina thír nó a tír féin? Cruthaigh físeán beoite (nasc thíos) den chomhrá idir tú féin agus an duine óg ón tír atá roghnaithe agat. Bíodh na gnéithe seo den sprioctheanga san áireamh san fhíseán: beannachtaí, cur in aithne agus buíochas.

Críochnaigh abairt (steiréitíopa)
Céim 1: Ainmnigh an steiréitíopa
Roghnaigh tír ar il-chríoch na hAfraice, san Áise nó i Meiriceá Laidineach áit arb í do sprioctheanga an teanga oifigiúil nó a labhraítear go forleathan í. Smaoinigh ar na steiréitíopaí, bídís dearfach nó diúltach, a d'fheicfeá nó a chloisfeá go minic faoin tír sin agus faoi mhuintir na tíre, agus críochnaigh na habairtí seo a leanas:

- Bíonn rialtas [cuir isteach ainm na tíre atá roghnaithe agat]…
- Bíonn na daoine óga in/sa [cuir isteach ainm na tíre atá roghnaithe agat]…
- Bíonn mná [cuir isteach ainm na tíre atá roghnaithe agat]…
- Bíonn fir [cuir isteach ainm na tíre atá roghnaithe agat]…

Complete at least one sentence above using a positive stereotype.

Céim 2: Féach cén tionchar a bhíonn aige sin ar dhaoine aonair. Samhlaigh gur duine tusa den ghrúpa a luaitear i ngach abairt (mar shampla, is ball den pháirtí ceannasach sa rialtas thú, nó duine óg, bean, nó fear a bhfuil cónaí ort sa tír atá roghnaithe agat). Tóg gach abairt chríochnaithe ar a seal, agus bain úsáid as damhánléaráid lena léiriú cé na gnéithe de d'fhéiniúlacht agus do phearsantacht nach n-aithnítear sa steiréitíopa seo nó a ndéantar neamhaird dóibh leis.

Céim 3: Déan machnamh ar thionchar an steiréitíopa. Smaoinigh faoi céard a tharlóidh 'duitse' amach anseo. Agus tú fós do do shamhlú féin mar dhuine ón tír sin, cén tionchar atá ag an steiréitíopa sin ar an dearcadh a d'fhéadfadh a bheith ag daoine eile i do leith féin nó i leith do ghrúpa, nó ar a gcaoi a gcaithfidís leat nó libh? Cén chaoi a mothaíonn tú dá bharr sin? Cén tionchar a bheidh aige sin ar an gcaoi a n-iompróidh 'tusa' (an duine ón tír sin) tú féin?

Sáinnithe i ról sainiúil (Bainteach freisin le Toradh Foghlama 3.6)
Téigí ag obair le chéile ina ngrúpaí beaga chun na habairtí seo a leanas a chríochnú:

- Bíonn aos óg na hÉireann...
- Bíonn muintir na hÉireann...

Sa seomra ranga, pléigí bunús na steiréitíopaí faoi dhaoine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn, agus pléigí cé chomh hiontaofa is atá na foinsí sin.
Úsáid an teicneolaíocht chun colláis (nasc thíos) a chruthú de cheannlínte sna meáin lena ndéantar steiréitíopáil ar dhaoine óga in Éirinn.

Oideas i gcomhair an mheasa

Bainteach le Torthaí Foghlama 1.13 agus 1.19

Agus do sprioctheanga á húsáid agat an oiread agus is féidir, pléigh na bealaí ar féidir le daoine óga cumarsáid a dhéanamh, idirghníomhú agus gníomhú chun an steiréitíopáil a sheachaint.

Cuirigí bhur gcuid smaointe le chéile in oideas ranga i gcomhar an mheasa (sé sin, cairt ranga).

NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ:

Tá an Ted Talk 'Danger of a Single Story' 18.49 nóiméad ar fad ina iomláine. Chun am a shábháil, d'fhéadfá iarraidh ar na scoláirí féachaint ar an gcaint mar chuid den obair bhaile nó d'fhéadfá gearrthóga as an bhfíseán a roghnú roimh ré ar YouTube lena dtaispeáint sa seomra ranga. Nóta: Is iondúil nach mbíonn gearrthóga YouTube ar fáil le fotheidil i sprioctheangacha..

The danger of a single story

(Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 1.4, 1.8 agus 2.2)

Breathnaigh ar an TedGlobal Talk a thug Chimamanda Ngozi Adichie in 2009, 'The danger of a single story', le fotheidil i do sprioctheanga féin (féach an nasc thíos). Agus tú ag breathnú air, tabhair faoi deara rud nó dhó atá le rá ag Chimamanda a thugann spreagadh duit. Aimsigh na sleachta sin sa tras-scríbhinn ar an gcaint i do sprioctheanga féin. Bain úsáid as na sleachta sin uaithi mar fhotheidil i bpóstaer chun daoine eile a spreagadh sa chaoi is nach gcloífidh siad leis na steiréitíopaí coitianta a bhíonn ag daoine faoi mhuintir na hÉireann agus muintir tíortha eile. Taispeáin na póstaeir sa scoil, sa phobal áitiúil nó ar ardáin chuí ar líne.

NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ:

Tá fáil ar 'Danger of a Single Story' agus ar thras-scríbhinní de bhabhtaí Ted Talk eile i ngach teanga NTI ar shuíomh gréasáin Ted (nasc thíos).

Cásanna Cultúir

(Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 1.19, 3.4, 3.7 agus 3.9)

Déan taighde ar eagraíochtaí neamhrialtasacha atá bunaithe in Éirinn (féach an nasc thíos), chun féachaint cé na heagraíochtaí a bhíonn ag obair i dtíortha sa Domhan Theas inarb í do sprioctheanga féin an teanga oifigiúil nó ina labhraítear go forleathan í.

NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ:

Tá go leor eagraíochtaí neamhrialtasacha in Éirinn tar éis glacadh leis an gCód Iompair atá ag Dóchas maidir le hÍomhánna agus Teachtaireachtaí (féach na naisc thíos), agus leis sin tá gealltanas á thabhairt acu gur le meas ar dhínit an duine a léireoidh siad saol na ndaoine bochta. Mar straitéis difreála, d'fhéadfá iarraidh ar na scoláirí iniúchadh a dhéanamh ar a gcás-staidéar agus Cód Dóchas ar intinn acu, agus aon aiseolas atá acu a chur chuig Dóchas.

Déan teagmháil leis na heagraíochtaí neamhrialtasacha sin agus iarr orthu cás-staidéir (íomhánna agus téacs agus/nó píosaí scannáin nó físeáin) a chur chugat de dhaoine óga a bhfuil cónaí orthu sna tíortha sin. Iarr cás-staidéir ina bhfuil sonraí faoi shaol na ndaoine óga ó lá go lá: an scoil, cúrsaí spóirt, nósanna itheacháin, caitheamh aimsire agus saol an teaghlaigh.

Tarraing Léaráid Venn i do sprioctheanga féin, ina léiríonn an ciorcal ar chlé do shaol féin, ina léiríonn an ciorcal ar dheis saol an té a bhfuil trácht air nó uirthi i do chás-staidéar, agus ina léiríonn an forluí eatarthu na cosúlachtaí idir do shaol féin agus saol an té sin.

Glac páirt i bplé ranga atá bunaithe ar na leideanna seo a leanas:

- Is cóir agus cruinn a rá gur mar a chéile muid féin agus gach duine óg eile in Éirinn.
- Is cóir agus cruinn a rá gur mar a chéile an duine nó na daoine a luaitear sa chás-staidéar agus gach duine óg eile sa tír sin.

Foirm faoi Laoch (Bainteach le Torthaí Foghlama 1.21, 1.22, 3.2)
Agus sibh ag obair ina mbeirteanna, roghnaígí duine cáiliúil amháin (duine a bhfuil spéis agaibh ann nó inti nó a thugann spreagadh daoibh) ó thír ina bhfuil an sprioctheanga atá roghnaithe agaibh ina teanga oifigiúil nó ina labhraítear go forleathan í.

Bainigí úsáid as Microsoft Word nó a leithéidí chun foirm shimplí a réiteach agus a líonadh isteach sa sprioctheanga. Bíodh cúig cinn nó níos mó de na ceannteidil seo a leanas san fhoirm:

1. Ainm
2. Pictiúr
3. Dáta breithe (agus dáta báis más ábhartha)
4. Léarscáil na tíre ina léirítear an áit bhreithe
5. Teaghlach
6. Oideachas (scoil, ollscoil)
7. Éachtaí móra
8. Fíricí spéisiúla nó fíricí barrúla
9. Sliocht ón duine atá roghnaithe agaibh
10. An chúis gur roghnaigh sibh an duine sin

Cuirigí Foirmeacha na Laochra éagsúla le chéile ina ríomhleabhar nó ina gcáipéis PDF. Seol an leabhar nó an cháipéis sin, le litir chumhdaigh nó ríomhphost gearr ag iarraidh freagra i do sprioctheanga, chuig Ambasáid nó institiúid chultúrtha ábhartha (féach na naisc thíos).

Céad míle fáilte? (Bainteach le Torthaí Foghlama 1.21 agus 1.22)
I ndaonáireamh na bliana 2016, fuarthas amach gur lasmuigh d'Éirinn a rugadh 810,406 duine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn. Sa bhliain chéanna, mheas an tIonad um Chearta Imirceach (MRCI) go raibh suas le 26,000 duine gan cháipéisí ina gcónaí in Éirinn (sé sin, ní raibh cead dlí ná na cáipéisí riachtanacha acu chun cónaí anseo). Ina theannta sin, tá thart ar 4,000 duine den lucht iarrtha tearmainn ann a chuir isteach ar stádas dídeanaí in Éirinn agus a bhfuil cónaí orthu in ionaid soláthair dhírigh, ionaid atá á rith ag eagraíochtaí príobháideacha ar fud na tíre.

NOTE FOR TEACHERS:
2016 data used throughout. As a differentiation strategy, you could ask students to update the data by contacting the MRCI (undocumented people) and the Reception and Integration Agency in the Department of Justice and Equality (people in direct provision).

- Téigí ag obair ina ngrúpaí beaga chun taighde a dhéanamh faoin saol a chaitheann daoine gan cháipéisí nó lucht iarrtha tearmainn in Éirinn.
- Eagraigh pobalbhreith ar líne 'Aontaím/Ní aontaím' (nasc thíos), agus tú ag baint úsáid as an gceist seo a leanas nó ceist dá leithéid, agus í aistrithe chuig do sprioctheanga: ‘Éire, an tír ina mbíonn céad míle fáilte roimh chách?’
- Cuir i láthair na torthaí ón taighde agus ón bpobalbhreith ag tionól bliainghrúpa nó ag tionól scoile.

Tabhair faoin Sprioc (Bainteach le Torthaí Foghlama 2.6 agus 2.7)
Luaigh dúshlán amháin a thug tú faoi deara maidir leis an teanga a fhoghlaim agus na gníomhaíochtaí sa roinn seo á ndéanamh agat.
Leag síos sprioc foghlama duit féin maidir leis an teanga a fhoghlaim, chun cabhrú leat an ceann is fearr a fháil ar an dúshlán sin.
Leag síos dáta faoina mbainfidh tú amach an sprioc sin.
Smaoinigh ar thrí rud (straitéisí foghlama) a chuideoidh leat do sprioc foghlama teanga a bhaint amach.
Críochnaigh an abairt seo a leanas: ‘Beidh a fhios agam go bhfuil mo sprioc foghlama teanga bainte amach agam nuair a…'
Socraigh meabhrúcháin duit féin ar d'fhón póca nó i do dhialann scoile chun díriú ar do sprioc idir seo agus do spriocdháta.
Nuair a thagann an spriocdháta, déan measúnú macánta ar an dul chun cinn atá déanta agat agus leag síos spriocanna nua duit féin de réir mar is cuí.

Naisc Úsáideacha:

An chéad teagmháil

- Uirlis chun físeán beoite a dhéanamh: **powtoon.com**

Sáinnithe i ról sainiúil

- Uirlis chun colláis a dhéanamh: **picmonkey.com/collage**

NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ:
D'fhéadfadh sibh dul i dteagmháil le duine nó daoine a bhfuil an spriocthéanga ó dhúchas acu, b'fhéidir trí thionscnamh eTwinning an Choimisiúin Eorpaigh: **etwinning.net/en/pub/index.htm**

Danger of a single story

- Chimamanda Ngozi Adichie (2009). 'The danger of a single story', TedGlobal, 18.49 nóiméad: **ted.com/talks/chimamanda_adichie_the_danger_of_a_single_story**
- Uirlis chun póstaer digiteach a dhéanamh: **canva.com**

Cásanna Cultúir

Liosta eagraíochtaí neamhrialtasacha Éireannacha: **dochas.ie/membership/our-members**
Cód Iompair Dóchas maidir le hÍomhánna agus Teachtaireachtaí: **dochas.ie/images-and-messages**

Foirm faoi Laoch

- Liosta de na hambasáidí iasachta atá creidiúnaithe in Éirinn: **dfa.ie/embassies/embassies-in-ireland/#**
- Alliance Francaise: **alliance-francaise.ie/**
- Goethe-Institute: **goethe.de/ins/ie/en/index.html**
- Instituto Cervantes: **dublin.cervantes.es/en/default.shtm**
- Institiúid Chultúrtha na hIodáile: **http://www.iicdublino.esteri.it/iic_dublino/it/**

Céad míle fáilte?

Treoracha maidir le pobalbhreith Doodle a chur ar bun ar líne: **support.doodle.com**

"Is í toil dhiongbháilte náisiún na hÉireann, go sítheach cairdiúil, na daoine go léir a chomhroinneann críoch oileán na hÉireann i bpáirt lena chéile, in éagsúlacht uile a bhféiniúlachtaí agus a dtraidisiún, a aontú."

Airteagal 3 de Bhunreacht na hÉireann

SNÁITHE A TRÍ: EOLAS SOCH-CHULTÚRTHA AGUS FEASACHT IDIRCHULTÚRTHA

GNÉ DEN SNÁITHE: AG FOGHLAIM FAOI FHÍRICÍ ÁBHARTHA, FAOI DHAOINE AGUS ÁITEANNA ÁBHARTHA, AGUS FAOI STAIR THÍRE NÓ TÍORTHA INA LABHRAÍTEAR AN SPRIOCTHEANGA

Príomhthoradh Foghlama 3.2

Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire: 'fíricí agus figiúirí a bhaineann le tír/tíortha na sprioctheanga a aimsiú agus a úsáid, mar shampla, sonraí staitistiúla, féilte, aireagáin, daoine cáiliúla'.

NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ:
Tá na gníomhaíochtaí sa roinn seo dírithe ar a chur ar a gcumas do na scoláirí sonraí staitistiúla a bhaineann le tír/tíortha na sprioctheanga a aimsiú agus a úsáid. Tá fíricí agus figiúirí a bhaineann le féilte, aireagáin agus daoine cáiliúla i gceist mar chuid de ghníomhaíochtaí a luaitear in áiteanna eile san acmhainn seo.

Eolas Cúlra:

Is éard atá i gceist le forbairt inbhuanaithe ná forbairt a fhreastalaíonn ar riachtanais an lae inniu gan cur isteach ar chumas na nglúnta amach anseo freastal ar a gcuid riachtanas féin.
Coimisiún Brundtland, 1987

Tá roinnt príomhchoincheapa i gceist sa sainmhíniú sin:

- An chaoi a mbíonn na daoine agus an pláinéad ag brath ar a chéile – rud a fhágann nach féidir forbairt inbhuanaithe eacnamaíoch agus shóisialta a dhéanamh gan ár dtimpeallacht a chur san áireamh freisin.
- An chaoi gur rud uilíoch í an fhorbairt – agus mar sin ní mór do thíortha saibhre agus tíortha bochta a bheith páirteach le chéile inti agus gníomhú le chéile chun leasa gach duine.
- Cothromas idirghlúine – rud a fhágann go bhfuil sé de dhualgas orainn a chinntiú gur pláinéad folláin a bheidh ag na glúnta a thiocfaidh inár ndiaidh.

Gnéithe ríthábhachtacha den fhorbairt is ea an teanga agus an chumarsáid. Dá éifeachtaí an chumarsáid idir daoine, is ea is mó an borradh a bhíonn faoin tsochaí agus faoin ngeilleagar, agus is ea is fearr is féidir le daoine a bheith ag obair le chéile chun an pláinéad a chosaint agus a chaomhnú.

Bíonn go leor díospóireachta ar bun faoi conas an fhorbairt a thomhas. Tá uirlis tomhais ag na Náisiúin Aontaithe ar a dtugtar an tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna. San Innéacs sin, rianaítear an dul chun cinn atá á dhéanamh ar an meán maidir le trí ghné bhunúsacha d'fhorbairt an duine – saol fada sláintiúil a bheith ag duine (ionchas saoil), a bheith eolach (oideachas) agus caighdeán maireachtála réasúnta a bheith ag duine (ioncam).

Gach bliain, foilsíonn na Náisiúin Aontaithe tuarascáil atá bunaithe ar an Innéacs um Fhorbairt Dhaonna, ina dtugtar sonraí ó na 193 tír atá san eagraíocht sin. In 2016, sa Tuarascáil um Fhorbairt Dhaonna 'Human Development for Everyone', rinneadh scrúdú ar an dul chun cinn atá déanta le blianta beaga anuas ó thaobh forbairt dhaonna agus cuireadh an cheist 'cé atá fágtha inár ndiaidh againn agus cén fáth?' Breathnaíodh sa tuarascáil freisin ar céard is féidir a dhéanamh chun forbairt dhaonna a chur chun cinn do gach duine. Leagtar amach moltaí beartais inti ar an leibhéal náisiúnta agus féachtar ar bhealaí chun na Spriocanna Domhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe a bhaint amach.

Nóta: Chun tomhas níos cuimsithí a dhéanamh ar fhorbairt dhaonna, cuirtear ceithre innéacs ilchodacha eile i láthair sa Tuarascáil um Fhorbairt Dhaonna freisin. San Innéacs atá Coigeartaithe ó thaobh an Neamhionannais, cuirtear méid an neamhionannais san áireamh sna torthaí. San Innéacs um Fhorbairt ar bhonn Inscne, déantar comparáid idir luachanna forbartha i gcás na mban agus na bhfear. San Innéacs um Éagothroime Inscne, leagtar béim ar chumasú na mban. In Innéacs Iltoiseach na Bochtaineachta, déantar gnéithe neamhioncaim na bochtaineachta a thomhas.

Eolas cúlra sonrach i gcás na FRAINCISE

Labhraítear an Fhraincis i mbreis agus 51 tír ar fud an domhain, agus is í an teanga dhúchais í atá ag thart ar 118,000,000 duine. Is teanga oifigiúil í an Fhraincis in 29 dtír cheannasacha, atá luaite sa chéad cholún den tábla thíos. In 2016, ar bhonn na sonraí a raibh fáil ag na Náisiúin Aontaithe orthu, seo iad na háiteanna a bhí ag na tíortha sin san Innéacs um Fhorbairt Dhaonna (in ord aibítre):

NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ:
Sonraí ón mbliain 2016 iad na sonraí seo ar fad. D'fhéadfá cuidiú leis na scoláirí dul chuig suíomh gréasáin an Innéacs um Fhorbairt Dhaonna (nasc thíos) agus dul ag obair le chéile ina ngrúpaí beaga chun na táblaí seo a thabhairt cothrom le dáta.

	Áit san Innéacs um Fhorbairt Dhaonna	Stádas maidir le Forbairt Dhaonna	Ionchas saoil tráth na breithe (blianta)	Meánlíon na mblianta oideachais (blianta)	Ollioncam Náisiúnta in aghaidh an duine ($ na Stát Aontaithe)
An Bheilg	22	An-ard	81.0	16.6	41,243
Beinin	167	Íseal	59.8	10.7	1,979
Buircíne Fasó	185	Íseal	59.0	7.7	1,537
An Bhurúin	184	Íseal	57.1	10.6	691
Camarún	153	Íseal	56.0	10.4	2,894
Ceanada	10	An-ard	82.2	16.3	42,582
Poblacht na hAfraice Láir	188	Íseal	51.5	7.1	587
Sead	186	Íseal	51.9	7.3	1,991
Oileáin Chomóra	160	Íseal	63.6	11.1	1,335
An Cósta Eabhair	171	Íseal	51.9	8.9	3,163
Poblacht Dhaonlathach an Chongó	176	Íseal	59.1	9.8	680
Djibouti	172	Íseal	62.3	6.3	3,216
An Ghuine Mheánchiorclach	135	Meánach	57.9	9.2	21,517
An Fhrainc	21	An-ard	82.4	16.3	38,085
An Ghabúin	109	Meánach	64.9	12.6	19,044
An Ghuine	183	Íseal	59.2	8.8	1,058
Háití	163	Íseal	63.1	9.1	1,657
Lucsamburg	20	An-ard	81.9	13.9	62,471
Madagascar	158	Íseal	65.5	10.3	1,320
Mailí	175	Íseal	58.5	8.4	2,218
Maracó	123	Meánach	74.3	12.1	7,195
An Nígir	187	Íseal	61.9	5.4	889
Poblacht Dhaonlathach an Chongó	135	Meánach	62.9	11.1	5,503
Ruanda	159	Íseal	64.7	10.8	1,617
An tSeineagáil	162	Íseal	66.9	9.5	2,250
Na Séiséil	63	Ard	73.3	14.1	23,886
An Eilvéis	2	An-ard	83.1	16.0	56,364
Tóga	166	Íseal	60.2	12.0	1,262
Vanuatú	134	Meánach	72.1	10.8	2,805

GERMAN specific background information

Is í an Ghearmáinis an teanga dhúchais a labhraíonn thart ar 132 milliún duine ar fud an domhain, a bhfuil cónaí orthu i gcian is i gcóngar, agus na tíortha sa tábla thíos ina measc. In 2016, ar bhonn na sonraí a raibh fáil ag na Náisiúin Aontaithe orthu, seo iad na háiteanna a bhí ag na tíortha sin san Innéacs um Fhorbairt Dhaonna (in ord aibítre):

NOTE FOR TEACHERS:

Sonraí ón mbliain 2016 iad na sonraí seo ar fad. D'fhéadfá cuidiú leis na scoláirí dul chuig suíomh gréasáin an Innéacs um Fhorbairt Dhaonna (nasc thíos) agus dul ag obair le chéile ina ngrúpaí beaga chun na táblaí seo a thabhairt cothrom le dáta.

	Áit san Innéacs um Fhorbairt Dhaonna	Stádas maidir le Forbairt Dhaonna	Ionchas saoil tráth na breithe (blianta)	Meánlíon na mblianta oideachais (blianta)	Ollioncam Náisiúnta in aghaidh an duine ($ na Stát Aontaithe)
An Airgintín	45	An-ard	76.5	17.3	20,945
An Astráil	2	An-ard	82.5	20.4	42,822
An Bhrasaíl	79	Ard	74.7	15.2	14,145
An tSile	38	An-ard	82.0	16.3	21,665
An Cholóim	95	Ard	74.2	13.6	12,672
Cósta Ríce	66	Ard	79.2	14.2	14,006
An Danmhairg	5	An-ard	80.4	19.2	44,519
An Ghearmáin	4	An-ard	81.1	17.1	45,000
An Ungáir	43	An-ard	75.3	15.6	23.394
An Íoslainn	9	An-ard	82.7	19.0	37,065
Éire	8	An-ard	81.1	18.6	43,798
Iosrael	19	An-ard	82.6	16.0	31,215
Paragua	110	Meánach	73.0	12.3	8,182
An Pholainn	36	An-ard	77.6	16.4	24,117
An Namaib	125	Meánach	65.1	11.7	9,770
An Rómáin	50	An-ard	74.8	14.7	19,428
An Afraic Theas	119	Meánach	57.7	13.0	12,087
Na Stáit Aontaithe	10	An-ard	79.2	16.5	53,245

"Is é atá i gceist ná dul ó uimhreacha go faisnéis go tuiscint."

Hans Rosling, staitisteoir ón tSualainn, a bhí ar dhuine de chomhbhunaitheoirí gapminder.org, suíomh gréasáin ar a gcuirtear i láthair grafaicí idirghníomhacha atá bunaithe ar shonraí de chuid na Náisiún Aontaithe agus an Bhainc Dhomhanda

NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ:
Sonraí ón mbliain 2016 iad na sonraí seo ar fad. D'fhéadfá cuidiú leis na scoláirí dul chuig suíomh gréasáin an Innéacs um Fhorbairt Dhaonna (nasc thíos) agus dul ag obair le chéile ina ngrúpaí beaga chun na táblaí seo a thabhairt cothrom le dáta.

Eolas cúlra sonrach i gcás na hIODÁILISE
Is í an Iodáilis an teanga dhúchais a labhraíonn thart ar 67 milliún duine ar fud an domhain, a bhfuil cónaí orthu i gcian is i gcóngar, agus na tíortha sa tábla thíos ina measc. In 2016, ar bhonn na sonraí a raibh fáil ag na Náisiúin Aontaithe orthu, seo iad na háiteanna a bhí ag na tíortha sin san Innéacs um Fhorbairt Dhaonna (in ord aibítre):

	Áit san Innéacs um Fhorbairt Dhaonna	Stádas maidir le Forbairt Dhaonna	Ionchas saoil tráth na breithe (blianta)	Meánlíon na mblianta oideachais (blianta)	Ollioncam Náisiúnta in aghaidh an duine ($ na Stát Aontaithe)
An Albáin	75	Ard	78.0	14.2	10,252
An Airgintín	45	An-ard	76.5	17.3	20,945
An Astráil	2	An-ard	82.5	20.4	42,822
An Bheilg	22	An-ard	81.0	16.6	41,243
An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin	81	Ard	76.6	14.2	10,091
An Bhrasaíl	79	Ard	74.7	15.2	14,145
Ceanada	10	An-ard	82.2	16.3	42,582
An Chróit	45	An-ard	77.5	15.3	20,291
An Éigipt	111	Meánach	71.3	13.1	10,064
An Eiritré	179	Íseal	64.2	5.0	1,490
An Fhrainc	21	An-ard	82.4	16.3	38,085
An Ghearmáin	4	An-ard	81.1	17.1	45,000
Éire	8	An-ard	81.1	18.6	43,798
Iosrael	19	An-ard	82.6	16.0	31,215
An Iodáil	26	An-ard	83.3	16.3	33,573
An Libia	102	Ard	71.8	13.4	14,303
Lichtinstéin	15	An-ard	80.2	14.6	75,065
Lucsamburg	20	An-ard	81.9	13.9	62,471
Paragua	110	Meánach	73.0	12.3	8,182
Na hOileáin Fhilipíneacha	116	Meánach	68.3	11.7	8,395
An Rómáin	50	An-ard	74.8	14.7	19,428
An Araib Shádach	38	An-ard	74.4	16.1	51,320
An tSlóivéin	25	An-ard	80.6	17.3	28,664
An tSomáil	Níl sonraí iontaofa ar fáil le blianta beaga anuas		55.7		294
An Eilvéis	2	An-ard	83.1	16.0	56,364
An Túinéis	97	Ard	75.0	14.6	10,249
Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha	42	An-ard	77.1	13.3	66,203
An Ríocht Aontaithe	16	An-ard	80.8	16.3	37,931
Na Stáit Aontaithe	10	An-ard	79.2	16.5	53,245
Uragua	54	Ard	77.4	15.5	19,148

Eolas cúlra sonrach i gcás na SPÁINNISE

Is í an Spáinnis an teanga dhúchais a labhraíonn 389 milliún duine ar fud an domhain. Is teanga oifigiúil í an Spáinnis in 20 tír, atá luaite sa chéad cholún den tábla thíos (seachas Pórtó Ríce, ar críoch thar lear de chuid na Stát Aontaithe é). In 2016, ar bhonn na sonraí a raibh fáil ag na Náisiúin Aontaithe orthu, seo iad na háiteanna a bhí ag na tíortha sin san Innéacs um Fhorbairt Dhaonna (in ord aibítre):

NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ:
Sonraí ón mbliain 2016 iad na sonraí seo ar fad. D'fhéadfá cuidiú leis na scoláirí dul chuig suíomh gréasáin an Innéacs um Fhorbairt Dhaonna (nasc thíos) agus dul ag obair le chéile ina ngrúpaí beaga chun na táblaí seo a thabhairt cothrom le dáta.

	Áit san Innéacs um Fhorbairt Dhaonna	as maidir le Forbairt Dhaonna	Ionchas saoil tráth na breithe (blianta)	Meánlíon na mblianta oideachais (blianta)	Ollioncam Náisiúnta in aghaidh an duine ($ na Stát Aontaithe)
An Airgintín	45	An-ard	76.5	17.3	20,945
An Bholaiv	118	Meánach	68.7	13.8	6,155
An Cholóim	95	Ard	74.2	13.6	12,672
Cósta Ríce	66	Ard	79.2	14.2	14,006
Cúba	68	Ard	79.6	13.9	7,455
An Phoblacht Dhoiminiceach	99	Ard	73.7	13.2	12,756
Eacuadór	89	Ard	76.1	14.0	10,536
An tSalvadóir	117	Meánach	73.3	13.2	7,732
An Ghuine Mheánchiorclach	135	Íseal	57.9	9.2	21,517
Guatamala	125	Meánach	72.1	10.7	7,063
Hondúras	130	Meánach	73.3	11.2	4,466
Meicsiceo	77	Ard	77.0	13.3	16,383
Nicearagua	124	Meánach	75.2	11.7	4,747
Panama	60	Ard	77.8	13.0	19,470
Paragua	110	Meánach	73.0	12.3	8,182
Peiriú	87	Ard	74.8	13.4	11,295
An Spáinn	27	An-ard	82.8	17.7	32,779
Uragua	54	Ard	77.4	15.5	19,148
Veiniséala	71	Ard	74.4	14.3	15,129

"Ní thugaim buille faoi thuairim choíche. Is botún an-mhór é teoiric a cheapadh sula mbeidh sonraí ag duine. I ngan fhios duit féin, tosaíonn tú ag lúbadh na bhfíricí chun teacht leis na teoiricí, in ionad na teoiricí a cheapadh ar bhonn na bhfíricí."

Sir Arthur Conan Doyle, a scríobh na scéalta faoi Sherlock Holmes



Ag smaoineamh ar Spriocanna Domhanda:

Tá sé i gceist againn, faoin mbliain 2030...

- A chinntiú go mbeidh oideachas ardchaighdeán cuimsitheach ar fáil do chách agus deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil a chur chun cinn (Sprioc 4)
- Saol sláintiúil a chinntiú agus an fholláine a chur chun cinn do chách, beag beann ar aois (Sprioc 5)
- Cur chun cinn a dhéanamh ar fhás eacnamaíoch atá cuimsitheach agus inbhuanaithe, agus ar fhostaíocht agus obair chuibhiúil do chách (Sprioc 8)
- An neamhionannas a laghdú laistigh de thíortha agus i measc tíortha (Sprioc 10)
- Sochaithe inbhuanaithe a chur chun cinn, ina bhfuil an ceartas agus an tsíocháin i réim (Sprioc 16)

Gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama:

NÓTA DO MHÚINTEOIRÍ:
Taispeáin ar an gclár an tábla a léiríonn cén áit ar an Innéacs um Fhorbairt Dhaonna a bhfuil na tíortha ina labhraítear an sprioctheanga.

Olltiomsú sonraí
Pléigh na rudaí is spéis leat nó is cúis iontais duit sna sonraí ar an gclár.

Cé na ceisteanna, más ceist ar bith, atá agat faoin eolas a chuirtear i láthair sa tábla seo? Is in ord aibítre (de réir ainm na tíre) a thaispeántar sonraí ón Innéacs um Fhorbairt Dhaonna. Iarr ar do mhúinteoir cóip den tábla seo a sheoladh chugat nó a thabhairt duit. Déan an tábla a atheagrú ionas go dtaispeánfar na sonraí in ord uimhriúil bunaithe ar an áit ar an liosta maidir le Forbairt Dhaonna (colún 2), sé sin, san ord seo a leanas: na tíortha a bhfuil an rangú is gaire de 1 acu (ardleibhéal forbartha daonna) go dtí na tíortha is faide ó 1 (leibhéal íseal forbartha daonna). Céard atá le tabhairt faoi deara anois, más rud ar bith, faoi na sonraí (mar shampla, cá bhfuil na tíortha sin ar an léarscáil?) Déan na sonraí a atheagrú arís, agus an babhta seo cuir in ord uimhriúil iad de réir mheánlíon na mblianta oideachais. Cad a chuirtear in iúl sa tábla anois faoi thábhacht an oideachais ó thaobh forbairt dhaonna?

Cuir leis na staitisticí
Agus sibh ag obair ina ngrúpaí beaga, roghnaígí 4 thír inarb í an sprioctheanga an teanga oifigiúil nó ina labhraítear go forleathan í (más féidir, roghnaígí tíortha ó ar fud an liosta, sé sin tíortha a bhfuil éagsúlacht eatarthu ó thaobh leibhéal na forbartha daonna – féach colún 3).
Cruthaigh tábla nua ina bhfuil 3 cholún – tabhair 'Ainm na Tíre' mar theideal ar an gcéad cholún.
Téigí go dtí Innéacs na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Dhaonna – Próifílí Tíre (nasc leis an suíomh gréasáin thíos):

1. Cliceálaigí ar gach ceann de na ceithre thír atá roghnaithe agaibh ó léarscáil an domhain nó ón liosta in ord aibítre atá faoin léarscáil.
2. Agus sibh i bpróifíl shonrach na tíre, scrollaígí síos go dtí na táscairí ón Neamhionnanas ar aghaidh (Neamhionnanas, Inscne; Bochtaineacht; Obair, Fostaíocht agus Leochaileacht; Slándáil Dhaonna; Sreabhadh Trádála agus Sreabhadh Airgeadais; Soghluaisteacht agus Cumarsáid; Inbhuaine ó thaobh an Chomhshaoil; agus Daonlathas). Chun tuilleadh eolais a fháil faoi gach táscaire, cliceálaigí ar an gcomhartha + faoina bhun.

3. Roghnaígí an dá thráscaire is mó a bhfuil spéis agaibh iontu.
4. Bainigí úsáid as an dá thráscaire sin mar theidil i gcomhair cholún 2 agus colún 3 sa tábla.
5. Úsáidigí na sonraí a chuirtear i láthair i leith na dtáscairí roghnaithe chun na rónna sin a líonadh isteach sna colúin i leith na gceithre thír.

Cuirigí na torthaí i láthair sa seomra ranga, agus pléigí cén fáth a gceapann sibh gur tomhas maith ar an bhforbairt inbhuanaithe iad na táscairí atá roghnaithe agaibh (más é sin a cheapann sibh).

3-2-1! Sluán! **(Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 1.18 agus 3.3)**
Téigh ar líne agus déan taighde faoi dhúshlán eacnamaíoch, sóisialta nó comhshaoil atá le sárú ag tír amháin a bhfuil do sprioctheanga ina teanga oifigiúil aici nó ina labhraítear go forleathan í. Déan cinnte de gur suímh ghréasáin a bhfuil dea-cháil orthu a úsáidfidh tú, a bhfuil fíricí agus figiúirí iontu atá cothrom le dáta agus atá inchreidte. Faigh trí bhunchúis leis an dúshlán sin, agus dhá thionchar a bhíonn aige ar dhaoine, agus mol réiteach amháin air a bhféadfá féin, do phobal, an rialtas nó an pobal idirnáisiúnta cuidiú é a chur i bhfeidhm. Glac páirt i bplé ranga maidir le cibé acu an cúnamh é do chuid taighde maidir le míniú a thabhairt ar an áit a bhfuil an tír nó na tíortha atá roghnaithe agat san Innéacs um Fhorbairt Dhaonna. Smaoinigh ar mhana gearr (abairt amháin), roghnaigh nath cainte nó scríobh sraith focal nasctha (bain úsáid as cónaisc shimplí ar nós agus, nó, mar) i do sprioctheanga chun daoine eile a spreagadh sa chaoi is go gcuideoidh siad leis an gceann is fearr a fháil ar an dúshlán eacnamaíoch, sóisialta nó comhshaoil atá le sárú ag daoine sa tír atá roghnaithe agat.

Titim i néal **(Bainteach freisin le Torthaí Foghlama 1.17, 3.3 agus 3.6)**
Iarr ar do mhúinteoir dhá Néal Focal a ullmhú i gcomhair an ranga le mentimeter (nasc thíos), a bheidh bunaithe ar na ceisteanna seo a leanas:
1. Cad iad na scileanna atá forbartha agat agus na gníomhaíochtaí seo á ndéanamh agat? 2. Ainmnigh rud amháin is féidir leat a dhéanamh chun cur leis an bhforbairt inbhuanaithe ar domhan, anois nó san am atá le teacht.
Using the menti codes, respond to these questions (link below), but for each limit your contributions to three entries and use key words or phrases in your target language.
Discuss the most prominent words/phrases that appear in each Word Cloud.
Take a photograph of the completed Word Clouds and display these on the walls of your class, or in the reception area of the school.

Naisc Úsáideacha:

Cuir leis na staitisticí
Innéacs na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Dhaonna – Próifílí tíre: **hdr.undp.org/en/countries**

Head in the clouds
Uirlis chun Néal Focal a chruthú – bain úsáid as **mentimeter.com/app** chun ceisteanna a chur isteach i gcomhair néal focal agus cód a ghiniúint sa chaoi is go mbeidh na scoláirí in ann iad a fhreagairt ar **menti.com**

Bí Gníomhach/Glac Páirt

Tá acmhainní chun tacú le múineadh agus foghlaim na dtéamaí forbartha trí chineálacha cur chuige an Oideachais Saoránachta Domhanda ar fáil ó shuímh ghréasáin neamhrialtasacha áirithe nó ó ardáin cosúil le **developmenteducation.ie.**
Tá cláir gradam éagsúla ann do scoláirí iar-bhunscoile atá ag gabháil don Oideachas Saoránachta Domhanda mar chuid de Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí. Is iad na cinn is ábhartha díobh siúd:

- Comórtas Juvenes Translatores (Aistritheoirí Óga) an Choimisiúin Eorpaigh: **ec.europa.eu/info/education/juvenes-translatores_en**
- Comórtas atá á reáchtáil ag Léargas i gcomhair Lá Eorpach na dTeangacha (26 Meán Fómhair): **leargas.ie/programmes/languages/european-day-of-languages/competition/**
- Comórtas Náisiúnta Filíochta na Seirbhíse um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí: **pdst.ie/junior/poetry**
- Clár Ghradam an Phas Dhomhanda de chuid Scoileanna WorldWise: **worldwiseschools.ie/wwgs-global-passport/**

Tá an-chuid eolas sa Tionscnamh Teangacha Iar-bhunscoile de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna faoi dheiseanna foghlama teanga ar an leibhéal iar-bhunscoile: **languagesinitiative.ie**

Scoileanna Domhanda WorldWise

Is é Scoileanna Domhanda WorldWise an clár náisiúnta maidir leis an Oideachas Saoránachta Domhanda (OSD) ar an leibhéal iar-bhunscoile. Is ann a gheofar maoiniú, oiliúint, acmhainní agus treoir d'iar-bhunscoileanna chun dul i mbun an Oideachais Saoránachta Domhanda.

Tionscnamh de chuid Chúnamh Éireann (clár Rialtas na hÉireann don fhorbairt thar lear) is ea é. Tá sé á chur i bhfeidhm ag cuibhreannas ina bhfuil Gorta-Self Help Africa, Concern Worldwide agus an tAonad um Fhorbairt Curaclaim de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath.

Clár Gradam an Phas Dhomhanda

CLÁRAIGH ANOIS!

Is comhartha cáilíochta i réimse an Oideachais Saoránachta Domhanda é Gradam an Phas Dhomhanda, a chuireann creat ar fáil do scoileanna ionas gur féidir leo an OSD a chomhtháthú sa teagasc agus san fhoghlaim. .

Is deimhniú é an Pas Domhanda i leith an Oideachais Saoránachta Domhanda, agus is féidir le gach iar-bhunscoil i bPoblacht na hÉireann cur isteach air. Déanann na scoileanna measúnú orthu féin agus déantar iniúchadh seachtrach orthu.

Tá 3 chineál éagsúla pas ar féidir leat iarratas a dhéanamh orthu ag brath ar leibhéal rannpháirtíochta na scoile leis an Oideachas Saoránachta Domhanda (OSD):

1. **Pas Saoránaigh** – Iena n-aghaidh siúd atá ag tosú ar an rannpháirtíocht leis an oideachas saoránachta domhanda
2. **as Taidhleoireachta** – i gcomhair rannpháirtíocht sheanbhunaithe leis an oideachas saoránachta domhanda
3. **Pas Speisialta** – i gcomhair rannpháirtíocht den scoth leis an oideachas saoránachta domhanda

CÉARD ATÁ I GCEIST?

Rátáil leibhéal gníomhaíochta na scoile san oideachas saoránachta domhanda i 7 gcatagóir ('stampaí' pas). Beidh an cineál pas a bhronnfar ag brath ar an scór iomlán a bhainfear amach i ngach ceann de na 7 stampa. .

CÉN TAIRBHE ATÁ LE BAINT AS?

- Comhartha cáilíochta don scoil san oideachas saoránachta domhanda, a bhfuil iniúchadh seachtrach déanta air
- Bailíochtú ar an obair atá ar bun ag an scoil i dtaobh oideachas saoránachta domhanda, agus aitheantas don obair sin
- Spás do na scoláirí chun ceisteanna áitiúla agus ceisteanna domhanda a scrúdú agus beart a ghlacadh ina leith
- An deis chun cur le hiomrá na scoile tríd an oideachas saoránachta domhanda a chur i láthair agus a cheiliúradh

CÉARD IAD NA TACAÍOCHTAÍ ATÁ Á DTAIRISCINT?

Tá tacaíocht ar fáil ó Scoileanna Domhanda WorldWise chun cuidiú le scoileanna an Pas Domhanda a bhaint amach:

- Ceardlanna agus cuairteanna tacaíochta
- Tacaíocht ar an teileafón agus ar an ríomhphost
- Acmhainní, treoracha agus samplaí praiticiúla atá curtha in oiriúint do gach ceann de na stampaí Pas



CONAS IS FÉIDIR LIOM TUILLEADH EOLAIS A FHÁIL AGUS CUR ISTEACH AR PHAS?

I gcomhair tuilleadh eolais nó chun bheith páirteach sa scéim, cláraigh linn ar líne nó déan teagmháil linn!

Suíomh Gréasáin: www.worldwiseschools.ie
Ríomhphost: global.passport@worldwiseschools.ie
Teileafón: 01 5547447

Le haghaidh tuilleadh eolais a fháil faoi Scoileanna Domhanda WorldWise agus faoi na deiseanna atá ar fáil faoin gclár do scoláirí, múinteoirí agus scoileanna chun a bheith ag gabháil don Oideachas Saoránachta Domhanda – go háirithe conas iarratas a dhéanamh ar an ngradam scoile atá againn, an Pas Domhanda – téigh go dtí an suíomh gréasáin **www.worldwiseschools.ie.**

Le haghaidh acmhainní agus smaointe breise a bhaineann leis an oideachas saoránachta domhanda lena n-úsáid i ranganna Nuatheangacha Iasachta, tabhair cuairt ar **developmenteducation.ie** – bunachar sonraí téamacha inchuardaithe ina bhfuil ábhar ranga don Oideachas Saoránachta Domhanda ó bhlianta na luath-óige ar aghaidh. Tá acmhainní ann atá dírithe ar churaclaim éagsúla agus ar aoisghrúpaí éagsúla.

Déan teagmháil le foireann Scoileanna Domhanda WorldWise

Tá foireann Scoileanna Domhanda WorldWise ar fáil chun comhairle a chur oraibh agus treoir, oiliúint agus acmhainní a chur ar fáil faoin Oideachas Saoránachta Domhanda in iar-bhunscoileanna na hÉireann.

Scoileanna Domhanda WorldWise,Teach Dhroichead an Rí, 17-22 Sráid Gheata na Páirce, Baile Átha Cliath 8
www.worldwiseschools.ie | **Ríomhphost** info@worldwiseschools.ie | **Teil.** 01 685 2078

Tá Scoileanna Domhanda WorldWise á chur i bhfeidhm ag cuibhreannas ina bhfuil Gorta-Self Help Africa, Concern Worldwide agus an tAonad um Fhorbairt Curaclaim de chuid Bhord Oideachais ***agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath***